

Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí

# ÁR NGLAO AR GHNÍOMHAÍOCHT LE HAGHAIDH TODHCHAÍ NÍOS CÓRA

MEITHEAMH 2025

## EOLAS FÚINN

Is leanaí muidne as beagnach gach tír san Aontas Eorpach. Tá muid páirteach in Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí. Is spás é seo inar féidir le leanaí a dtuairimí a chur in iúl agus éisteacht a fháil ó dhaoine fásta a dhéanann cinntí.



## MAIDIR LEIS AN NGLAO SEO AR GHNÍOMHAÍOCHT

Leis an nGlao ar Ghníomhaíocht, cuirtear ar an eolas thú go dteastaíonn cosaint, grá, cobhsaíocht agus meas ó leanaí. Measann leanaí go gcinnteoidh an tAontas go mbeidh comhdheiseanna ag gach leanbh sa saol – go háirithe iad siúd atá ina gcónaí in ionaid dídine (nuair a théann siad ar imirce) nó iad siúd nach féidir leo fanacht lena dteaghlaigh agus tithe, nó in imthosca deacra.

Tá leanaí ag iarraidh go ndéanfaidh an tAontas ár gcearta a chosaint, cluas éisteachta a thabhairt dár dtuairimí. Is éard atá i gceist leis sin infheistíocht a dhéanamh i scoileanna sábháilte fáilteacha, tacú lenár meabhairshláinte, tithíocht agus cúram sách maith a chinntiú do leanaí, agus gníomhaíocht a dhéanamh chun an bhochtaineacht, an t-idirdhealú agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac.

Baineann na nithe sin uile atá á n-iarraidh againn le cearta atá ag leanaí agus go bhfuil gealltanas tugtha ag an Aontas agus ag na Ballstáit go ndéanfaidh siad na cearta sin a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh.

Iarraimid ort breathnú ar leanaí mar dhaoine a bhfuil riachtanais aonair acu seachas mar dhéimeagrafach ginearálaithe. Iarraimid ar dhaoine fásta, agus múinteoirí san áireamh, gan caitheamh le daltaí amhail is go bhfuil siad ar tí titim as a chéile – teastaíonn tacaíocht uainn, agus ní go gcuirfí ina luí orainn go bhfuilimid briste.

Tá leanaí ag iarraidh go gcruthóidh an tAontas spásanna níos sábháilte agus níos inrochtana don súgradh agus don fhoghlaim, inar féidir le gach leanbh a bheith rannpháirteach gan beann ar a dtír, a gcumais nó a gcúlra. Ba cheart dlíthe a chur i bhfeidhm go cothrom maidir le gach duine, is cuma cad é féin. Ba cheart breithiúnas oibiachtúil agus comhfhiosach a thabhairt ar gach duine, ní trína gcuma fhisiciúil. Is iad sin ár gcearta.

Ní leis an gcomhshaol amháin a bhaineann an t-athrú aeráide – baineann sé leis an gcothroime idir na glúnta. Níorbh iad na leanaí ba chúis leis an ngéarchéim seo, ná le cogaí, ach beidh na hiarmhairtí is mó romhainn.

Tá muid ag iarraidh go ndéanfaidh an tAontas fíorghníomhaíocht: astaíochtaí a laghdú, an dúlra a chosaint, leanaí agus daoine óga a chur san áireamh i gcinntí agus gach a bhfuil ar a gcumas a dhéanamh chun deireadh a chur le cogaí. Tá sé de cheart ag gach leanbh, is cuma cá bhfuil siad ina gcónaí, todhchaí shábháilte shláintiúil a bheith acu. Tá na tíortha is boichte ag fulaingt níos mó, agus níl sé sin cothrom.

Teastaíonn ceartas aeráide, oideachas agus athrú práinneach uainn. Tá muid ag iarraidh aer glan, scoileanna sábháilte, síocháin, agus ceannairí a éisteann linn i gceart. Is féidir leis an Aontas cuidiú leis sin tríd an dúlra a chosaint agus trína chinntiú nach bhfágfar aon leanbh ar lár.

## AN CHAOI AR CHRUTHAÍOMAR ÁR NGLAO

Tá muid ag obair le chéile le 3 bliana anuas chun ár smaointe a chomhroinnt agus naisc a dhéanamh. Rinneamar cinneadh maidir le tosaíochtaí do rudaí ar gá iad a bheith níos fearr dár nglúin, don chéad ghlúin eile, agus do na glúnta ina dhiaidh sin.



Is bealach é an Glao seo ar Ghníomhaíocht chun ár smaointe a chur in iúl don Aontas, do rialtais, do dhaoine fásta agus do leanaí, ionas gur féidir linn gníomhaíocht a dhéanamh le chéile chun rudaí a athrú.

Inár gComhthionól Ginearálta an 20-21 Meitheamh 2025, rinneamar ceardlanna ar cheithre théama, agus rinneamar machnamh freisin ar chothroime idirghlúine. D’fhorbraíomar moltaí, agus chinneamar cé na cinn ba thábhachtaí ansin.




An lá dár gcionn, d’oibrigh ochtar daoine óga leis na moltaí agus na tosaíochtaí sin chun an Glao seo ar Ghníomhaíocht a scríobh.

Ba é an Fóram Eorpach maidir le Cearta an Linbh an chéad áit ar chuireamar an Glao ar Ghníomhaíocht i láthair. Tá an Fóram seo tábhachtach toisc go léiríonn sé go bhfuil tábhacht le tuairimí leanaí agus gur féidir leo cuidiú le roghanna níos fearr a dhéanamh maidir le todhchaí gach duine.

**Tá muid ag iarraidh labhairt ar son na leanaí uile ar mian leo todhchaí níos fearr a bhaint amach.**

**Creidimid go bhfuil tábhacht le tuairimí daoine óga agus sa lá atá inniu ann, táimid bródúil as na tuairimí sin a thabhairt.**

## Tugtar tuairisc ar ár gcearta i:

- Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais ar a dtugaimid an Chairt, ar liosta speisialta rialacha í lena gcosnaítear cearta agus saoirsí bunúsacha daoine atá ina gcónaí san Aontas Eorpach, cuir i gcás an ceart go gcaithfí go cóir leo, an ceart chun príobháideachais, agus an ceart chun tú féin a chur in iúl gan srian, agus







- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, ar a dtabharfaimid CRC. Is tacar gealltanas é maidir le cearta an linbh do thíortha ar fud an domhain.

Thug an tAontas Eorpach tuairisc ar na gníomhaíochtaí lena gcuirtear cearta an linbh i bhfeidhm i bPlean an Aontais um Chearta an Linbh.



# ÁR GCÚIG PHRÍOMHTHÉAMA

Feicfidh tú ár ndóchas agus na gníomhaíochtaí atá muid ag iarraidh a fheiceáil maidir le hoideachas agus folláine, cothroime idirghlúine, an aeráid, sábháilteacht ar líne, agus fuathchaint thíos.

## COTHROIME IDIRGHLÚINE

| | |
|---|---|
| **Ár Spriocanna agus Smaointe** | Trí bheith ag obair le chéile ó ghlúin go glúin, is féidir linn meas agus tuiscint níos fearr a fháil ar a chéile: tá meas ag daoine fásta orainn, tá meas againn ar dhaoine fásta, agus tá meas ag leanaí ar a chéile go ginearálta. Ba cheart dúinn tuilleadh cainte a dhéanamh, tuairimí a mhalartú, a chur in iúl do dhaoine fásta cad a cheapaimid, agus ligean do dhaoine fásta a dtaithí a chomhroinnt linn ionas go bhféadfaimis rud éigin nua a fhoghlaim.<br><br>Ba cheart do dhaoine fásta aird níos mó a thabhairt ar ár dtuairimí toisc go bhfuil tábhacht lenár nguth, ba cheart dóibh an meas céanna agus an éisteacht chéanna a thugaimid dóibh a thabhairt dúinne, do na leanaí<br><br>Ba cheart dúinn féachaint freisin ar ár seanóirí, ár seantuismitheoirí, dul i gcomhar leo, am a chaitheamh leo. Is féidir linne, an ghlúin óg, rud éigin nua a fhoghlaim uathu agus is féidir leo foghlaim uainne freisin.<br><br>Ba cheart oideachas a chur ar gach glúin faoina bhfuil i gceist le cothroime idirghlúine, ionas gur féidir linn meas a thabhairt dá chéile agus a bheith deas do chách. |
| **Ár nIarrataí** | • Cuireann roinnt daoine fásta milleán ar leanaí agus tugann siad íde béil dóibh ar bhealach atá goilliúnach. Tá muid ag iarraidh athrú meoin sa tsochaí: is gá d'eiseamláirí fásta deireadh a chur le caint dhiúltach agus bulaíocht ar dhaoine eile agus deireadh a chur leis an milleán a chur ar íospartaigh.<br>• Ba cheart don Aontas imeachtaí agus feachtais a eagrú ina dtagann leanaí agus daoine fásta le chéile agus ina bpléitear ábhair éagsúla.<br>• Ba cheart don Aontas níos mó tacaíochta a thabhairt d'eagraíochtaí a thugann deiseanna do leanaí a dtuairimí a chur in iúl agus bheith rannpháirteach i spásanna traidisiúnta do dhaoine fásta cuir i gcás cinnteoireacht áitiúil agus náisiúnta, comhdhálacha de chuid an Aontais, plé poiblí agus eile.<br>• Ba cheart do leanaí agus do dhaoine fásta oibriú le chéile in aghaidh an fhuatha. An chaint in aghaidh an fhuatha a scaipeadh do chách trí fheachtais a reáchtáil sna meáin shóisialta le daoine a bhfuil aithne phoiblí orthu agus a bhfuil tionchar acu, agus meas á léiriú ar leanaí imirceacha agus ar leanaí LADTA+. |

| Ár gCearta | |
|---|---|
| Ár gCearta | **Airteagal 20 den Chairt:** Is comhionann gach duine faoin dlí.<br>**Airteagal 21,1 den Chairt:** Ba cheart dúinn caitheamh le gach duine go cineálta agus go cothrom i gcónaí, is cuma cén chuma atá orthu, cad as dóibh, cad a chreideann siad, nó cé hiad féin, toisc go bhfuil gach duine speisialta agus ní mór meas a bheith orthu.<br>**Airteagal 24 den Chairt:** Mar leanaí, tá sé de cheart agat a bheith sábháilte agus sona, agus a rá cad a cheapann a agus a mhothaíonn tú, agus ba cheart do dhaoine fásta éisteacht leat agus do chuid smaointe a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh acu a dhéanann difear duit. Ba cheart do dhaoine fásta, cibé acu tuismitheoirí, múinteoirí nó daoine eile iad a thugann aire duit, a ndícheall a dhéanamh i gcónaí an rud is fearr duitse a dhéanamh. Ba cheart do dhaoine fásta a chinntiú go mbeidh tú in ann am a chaitheamh go tráthrialta leis na daoine a bhfuil cion acu ort.<br>**Airteagal 25 den Chairt:** Tá a fhios ag an Aontas gur cheart caitheamh le daoine scothaosta le meas agus le cineáltas, agus a bheith in ann a roghanna féin a dhéanamh agus am a chaitheamh le daoine eile, taitneamh a bhaint as imeachtaí cultúrtha agus a bheith mar chuid dá bpobal.<br>**Airteagal 37 den Chairt:** Ní mór dúinn aire mhaith a thabhairt don domhan agus a chinntiú go mbeidh sé níos glaine agus níos sláintiúla, ionas gur féidir linne san Aontas roghanna maithe a dhéanamh anois a chuideoidh lenár bpláinéad a choinneáil sona agus sábháilte ar feadh i bhfad.<br>**Airteagal 3 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh**: Ní mór leas an linbh a bheith ina phríomhthosaíocht sna cinntí agus gníomhaíochtaí uile a dhéanann difear do leanaí.<br>**Airteagal 5 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh**: Ní mór do rialtais cearta agus freagrachtaí tuismitheoirí agus cúramóirí a urramú chun treoraíocht agus treoir a chur ar fáil dá leanbh agus iad ag fás aníos, ionas go mbeidh siad in ann leas iomlán a bhaint as a gcearta. Ní mór é sin a dhéanamh ar bhealach lena n-aithnítear cumas méadaitheach an linbh a roghanna féin a dhéanamh.<br>**Airteagal 6 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh**: Tá an ceart chun na beatha ag gach leanbh. Ní mór do rialtais gach rud ar féidir leo a dhéanamh chun a chinntiú go dtiocfaidh leanaí slán agus go mbainfidh siad barr a gcumais amach.<br>**Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh**: Tá sé de cheart ag gach leanbh a thuairimí, a mhothúcháin agus a mhianta a chur in iúl sna hábhair uile a dhéanann difear dóibh, agus go gcuirfear a thuairimí san áireamh agus aird a thabhairt orthu. Tá feidhm ag an gceart sin i gcónaí, mar shampla le linn imeachtaí inimirce, cinntí tithíochta nó saol baile laethúil an linbh.<br>**Plean an Aontais um Chearta an Linbh:** Colún 1 |

## FOLLÁINE AR SCOIL

| Ár Spriocanna agus Smaointe | |
|---|---|
| Ár Spriocanna agus Smaointe | Caitheann leanaí an chuid is mó dá n-óige i scoileanna a chuidíonn lena múnlú. Is é sin an fáth a bhfuil a bhfolláine ar scoil ríthábhachtach.<br>Creideann leanaí an Ardáin go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun a chinntiú go mothaíonn daltaí san Aontas go maith i scoileanna agus nach mbíonn imní orthu ar bhonn laethúil agus iad ag dul ar scoil.<br>Is é an bhrionglóid atá againn go mbeidh scoileanna ina n-áit a bhfuil fonn mór ar leanaí dul ann, áit a mothaíonn siad sábháilte, a bhfuil fáilte rompu agus a gcuimsítear iad. |

| | |
|---|---|
| **Ár nIarrataí** | • Chun maoiniú ón Aontas a fháil, ba cheart é a bheith de cheangal ar na bardais sna Ballstáit rochtain ar chúram meabhairshláinte a chur ar fáil i scoileanna. Tá cabhair ó ghairmithe cuir i gcás múinteoirí agus/nó síceolaithe agus comhairleoirí scoile ag teastáil ó go leor leanaí.<br>• Tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun a chinntiú go ndéanfar scoileanna a athchóiriú nuair is gá agus ionas nach bhfuil timpeallachtaí gruama, rud a chinnteoidh go mothóidh leanaí go maith. Ós rud é go bhfuil gach leanbh ag dul ar scoil de réir an dlí, ba cheart do scoileanna a bheith ina spásanna sábháilte<br>• Ní mór oideachas a chur ar leanaí maidir lena gcearta, ionas go mbeidh a fhios acu conas gníomhú nuair nach n-urramaítear iad. Tá muid ag iarraidh go molfaidh an tAontas do na Ballstáit uile an topaic sin a bheith sa churaclam scoile. |
| **Ár gCearta** | **Airteagal 3.1 den Chairt:** Ba cheart caitheamh le colainn agus le mothúcháin gach duine le cineáltas agus le meas<br><br>**Airteagal 13 den Chairt:** Tá sé de cheart ag gach duine tabhairt faoin ealaín agus faoin taighde. Tá saoirse ag ollscoileanna cinneadh a dhéanamh faoina ngníomhaíochtaí<br><br>**Airteagal 14 den Chairt:** Tá sé de cheart ag gach leanbh dul ar scoil agus foghlaim. Tá sé de cheart ag gach duine tosú ar scoil. Is féidir le tuismitheoirí cuidiú le scoil a bhfreastalóidh leanaí uirthi a roghnú, chun a chinntiú go n-urramaíonn sé a gcreideamh agus a smaointe féin. Ní mór do na scoileanna uile cloí le rialacha na tíre.<br><br>**Airteagal 24 den Chairt:** Mar leanbh, tá sé de cheart agat a bheith sábháilte agus sona, agus a rá cad a cheapann a agus a mhothaíonn tú, agus ba cheart do dhaoine fásta éisteacht leat agus do chuid smaointe a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh acu a dhéanann difear duit. Ba cheart do dhaoine fásta, cibé acu tuismitheoirí, múinteoirí nó daoine eile iad a thugann aire duit, a ndícheall a dhéanamh i gcónaí an rud is fearr duitse a dhéanamh. Ba cheart do dhaoine fásta a chinntiú go mbeidh tú in ann am a chaitheamh go tráthrialta leis na daoine a bhfuil cion acu ort.<br><br>**Airteagal 3 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh3:** Ní mór leas an linbh a bheith ina phríomhthosaíocht sna cinntí agus gníomhaíochtaí uile a dhéanann difear do leanaí.<br><br>**Airteagal 6 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh:** Tá an ceart chun na beatha ag gach leanbh. Ní mór do rialtais gach rud ar féidir leo a dhéanamh chun a chinntiú go dtiocfaidh leanaí slán agus go mbainfidh siad barr a gcumais amach.<br><br>**Airteagal 28 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh:** Tá an ceart chun na beatha ag gach leanbh. Ní mór dínit leanaí agus a gcearta a urramú maidir le smacht i scoileanna. Ní mór do thíortha saibhre cuidiú le tíortha níos boichte é sin a bhaint amach.<br><br>**Airteagal 29 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh:** Ní mór don oideachas pearsantacht, buanna agus cumais gach linbh a fhorbairt go hiomlán. Ní mór dó urraim an linbh do chearta an duine a spreagadh, chomh maith le meas dá dtuismitheoirí, dá gcultúir féin agus do chultúir eile, agus don chomhshaol.<br><br>**Plean an Aontais um Chearta an Linbh:** Colún 2 |

| | |
|---|---|
| **Ár Spriocanna agus Smaointe** | Ní thugann leanaí an fuath leo as an mbroinn, múintear fuath dóibh. Is é sin an fáth a mbraitheann leanaí an Ardáin go gcaithfidh an tAontas spásanna a chruthú inar féidir le leanaí foghlaim faoi éagsúlachtaí a chéile.<br><br>Is gá do dhaoine fásta spásanna cuimsitheacha a dhéanamh inar féidir le leanaí a gcuid ama a chaitheamh agus inar féidir leo a gcuid smaointe agus mothúchán a chur in iúl gan srian agus go sábháilte. Agus is féidir linn uile rannchuidiú le chéile chun na spásanna a choinneáil sábháilte agus cuimsitheach.<br><br>Tá sé tábhachtach go n-oibreoidh leanaí agus daoine fásta le chéile. Tá siad ag brath ar dhaoine fásta, is é sin an fáth go díreach ar gá dúinn an méid atá á iarraidh a chur in iúl do na daoine fásta, ionas gur féidir ár saol a bheith níos fearr. |
| **Ár nIarrataí** | • Erasmus a bheith níos mó. Buiséad níos mó a bheith aige agus é a dhéanamh níos cuimsithí, ionas gur féidir le níos mó tíortha, scoileanna agus leanaí a bheith rannpháirteach ann. Cuireann sé sin chun cinn go dtuigimid a chéile ar bhealach níos fearr agus go gcruthaímid níos lú fuatha agus go bhfoghlaimímid níos mó faoi chultúir tíortha eile.<br>• Tacaíocht a thabhairt do scoileanna ionas gur féidir le leanaí níos mó teangacha Eorpacha a fhoghlaim agus foghlaim faoi chultúir i dtíortha eile san Eoraip freisin.<br>• Imeachtaí a eagrú chun tacú le cairdeas idir grúpaí mionlaigh éagsúla.<br>• Malartú litreacha a eagrú idir leanaí ó thíortha éagsúla an Aontais.<br>• Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí a choimeád agus tacú leis. Tá sé tábhachtach. Cuidíonn sé le leanaí bualadh le chéile agus tuiscint a fháil ar a chéile, dá bhrí sin, is bealach é chun an fuath a chomhrac.<br>• Ba cheart don Aontas tionscadail in aghaidh an fhuatha a mhaoiniú. |

| Ár gCearta | |
|---|---|
| **Ár gCearta** | **Airteagal 7 den Chairt:** Tá an ceart chun príobháideachais ag gach duine. Tá do shaol teaghlaigh, do bhaile agus do chomhráite príobháideach, agus tá sé de cheart agat iad a choinneáil sábháilte!<br><br>**Airteagal 20 den Chairt:** Is comhionann gach duine faoin dlí.<br><br>**Airteagal 21,1 den Chairt:** Ba cheart dúinn caitheamh le gach duine go cothrom agus go cineálta i gcónaí, is cuma cén gnéas, cine, dath, bunadh eitneach nó náisiúnta, cuma, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim, bunadh sóisialta nó maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh atá acu, toisc go bhfuil gach duine speisialta agus ní mór meas a bheith orthu<br><br>**Airteagal 24 den Chairt:** Mar leanbh, tá sé de cheart agat a bheith sábháilte agus sona, agus a rá cad a cheapann a agus a mhothaíonn tú, agus ba cheart do dhaoine fásta éisteacht leat agus do chuid smaointe a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh acu a dhéanann difear duit. Ba cheart do dhaoine fásta, cibé acu tuismitheoirí, múinteoirí nó daoine eile iad a thugann aire duit, a ndícheall a dhéanamh i gcónaí an rud is fearr duitse a dhéanamh. Ba cheart do dhaoine fásta a chinntiú go mbeidh tú in ann am a chaitheamh go tráthrialta leis na daoine a bhfuil cion acu ort.<br><br>**Airteagal 2 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh:** Tá feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir le gach leanbh gan idirdhealú, gan beann ar bhunadh eitneach, inscne, reiligiún, teanga, cumais nó aon stádas eile atá acu, is cuma cad a cheapann siad nó a deir siad, gan beann ar a gcúlra teaghlaigh.<br><br>**Airteagal 3 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh3:** Ní mór leas an linbh a bheith ina phríomhthosaíocht sna cinntí agus gníomhaíochtaí uile a dhéanann difear do leanaí.<br><br>**Airteagal 14 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh:** Tá sé de cheart ag gach leanbh smaoineamh agus creidiúint cad a roghnaíonn siad agus a reiligiún a chleachtadh freisin, fad is nach bhfuil siad ag cur bac ar dhaoine eile leas a bhaint as a gcearta. Ní mór do rialtais cearta agus freagrachtaí tuismitheoirí a urramú chun a leanbh a threorú de réir mar a fhásann siad aníos.<br><br>**Airteagal 30 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh:** Tá sé de cheart ag gach leanbh teanga, nósanna agus reiligiún a theaghlaigh a fhoghlaim agus a úsáid, bíodh siad ag tromlach na ndaoine sa tír ina bhfuil siad ina gcónaí nó ná bíodh.<br><br>**Plean an Aontais um Chearta an Linbh:** Colún 3 |

## SÁBHÁILTEACHT AR LÍNE AGUS AN CHIBEARBHULAÍOCHT

| | |
|---|---|
| **Ár Spriocanna agus Smaointe** | Tá muid ag iarraidh spás sábháilte ar líne a bheith ann do leanaí, don óige, agus don chéad ghlúin eile ach níl sé againn go fóill. Tá roinnt fadhbanna againn. Agus ní leis an nglúin seo amháin a bhaineann na fadhbanna sin.<br><br>Mar sin, tá roinnt cabhrach ón Aontas ag teastáil uainn chun ár spásanna sábháilte ar líne a dhéanamh. Is gá tosú áit éigin. Is gá dúinn é a dhéanamh anois. Don todhchaí.<br><br>Meon na sochaí a athrú. Agus coinneoidh ár nglúin, an óige agus leanaí é don chéad ghlúin eile agus do na glúnta ina dhiaidh sin. |

| | |
|---|---|
| **Ár nIarrataí** | • Ba cheart don Aontas múscailt feasachta a spreagadh maidir leis an méid atá le déanamh faoin gcibearbhulaíocht, agus a chinntiú freisin go gcuirfear rialtais ar an eolas faoi fhadhbanna ar líne.<br>• Múin do mhúinteoirí an chaoi ar féidir a bheith sábháilte a mhúineadh do leanaí. Cuir san áireamh sa bholgán an méid a fhoghlaimímid – conas cuntais phríobháideacha a bheith againn, nósanna sláintiúla scáileáin a bheith againn, conas oibriú le heolas, agus smaoineamh go criticiúil.<br>• Bealaí a aimsiú chun an intleacht shaorga a úsáid chun an chibearbhulaíocht a aithint agus a chosc agus bealaí a aimsiú chun an intleacht shaorga a úsáid chun cuidiú le leanaí maidir leis an gcibearbhulaíocht.<br>• Aimsigh bealaí chun pionós a chur ar na gnólachtaí as ligean do leanaí faoi bhun 13 bliana d'aois cuntais a dhéanamh ar na meáin shóisialta trí dhlíthe cinnte atá nasctha le rialtais. |
| **Ár gCearta** | **Airteagal 7 den Chairt:** Vtá do shaol teaghlaigh, do bhaile agus do chomhráite speisialta agus príobháideach, agus tá sé de cheart agat iad a choinneáil sábháilte!<br><br>**Airteagal 8 den Chairt:** Nuair a bhailíonn daoine eolas fút féin, cuir i gcás d'ainm, do sheoladh, nó na rudaí is fearr leat, ní mór dóibh é a choinneáil sábháilte agus gan é a úsáid ach ar chúiseanna maithe, agus ní mór dóibh a fhiafraí díot féin nó de do thuismitheoirí an bhfuil sé ceart go leor ar dtús. Tá sé de cheart agat a fheiceáil cén t-eolas atá acu fút féin agus é a bheith ceartaithe má tá sé mícheart.<br><br>**Airteagal 21,1 den Chairt:** Ba cheart dúinn caitheamh le gach duine go cineálta agus go cothrom i gcónaí, is cuma cén chuma atá orthu, má tá siad sláintiúil nó mura bhfuil siad go maith, cad as dóibh, cad a chreideann siad, cad a cheapann siad, má tá siad faoi mhíchumas, más cailíní nó buachaillí iad, má tá airgead acu, cá háit ar rugadh iad nó cé is maith leo, toisc go bhfuil gach duine speisialta agus ní mór meas a léiriú orthu.<br><br>**Airteagal 24 den Chairt:** Mar leanbh, tá sé de cheart agat a bheith sábháilte agus sona, agus a rá cad a cheapann a agus a mhothaíonn tú, agus ba cheart do dhaoine fásta éisteacht leat agus do chuid smaointe a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh acu a dhéanann difear duit. Ba cheart do dhaoine fásta, cibé acu tuismitheoirí, múinteoirí nó daoine eile iad a thugann aire duit, a ndícheall a dhéanamh i gcónaí an rud is fearr duitse a dhéanamh. Ba cheart do dhaoine fásta a chinntiú go mbeidh tú in ann am a chaitheamh go tráthrialta leis na daoine a bhfuil cion acu ort.<br><br>**Airteagal 3 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh3:** Ní mór leas an linbh a bheith ina phríomhthosaíocht sna cinntí agus gníomhaíochtaí uile a dhéanann difear do leanaí.<br><br>**Airteagal 16 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh:** Tá an ceart chun príobháideachais ag gach leanbh. Ba cheart don dlí saol príobháideach, saol teaghlaigh agus saol baile an linbh a chosaint, agus leanaí a chosaint ar ionsaithe neamhdhleathacha a dhéanann díobháil dá gcáil.<br><br>**Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh:** Tá sé de cheart ag gach leanbh eolas iontaofa a fháil ó fhoinsí éagsúla, agus ba cheart do rialtais na meáin a spreagadh eolas a chur ar fáil is féidir le leanaí a thuiscint. Ní mór do rialtais cuidiú le leanaí a chosaint ar ábhair a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh dóibh.<br><br>**Plean an Aontais um Chearta an Linbh:** Colún 5 |

| | |
|---|---|
| **Ár Spriocanna agus Smaointe** | Déanann an t-athrú aeráide difear do gach duine. Tá an t-oideachas tábhachtach ach cuimsítear leis sin tionscadail ionas go mbeidh daoine ar an eolas faoin méid atá ag tarlú.<br><br>Is gá dúinn tuilleadh eolais a bheith againn faoi phailneoirí agus faoin méid a dhéanann siad agus conas maireachtáil leo agus iad a chosaint. Is gá dúinn tuilleadh modhanna éiceolaíocha a aimsiú chun an bhithéagsúlacht a bhainistiú.<br><br>Ba cheart don taighde na tionchair ar shaol na ndaoine a chur san áireamh agus ba cheart do shaoránaigh a bheith rannpháirteach sa taighde sin ar bhealaí fiúntacha.<br><br>Is truaillitheoir ollmhór é an cogadh agus atá ina chúis le scrios ar an bpláinéad, agus is gá do dhaoine oibriú le chéile chun deireadh a chur leis sin. Is gá dúinn aire níos fearr a thabhairt don phláinéad ionas go mbeidh deiseanna níos fearr ag na glúnta atá le teacht. |
| **Ár nIarrataí** | • Ba cheart tuilleadh maoinithe a infheistiú sa taighde chun leanúint d'fhianaise a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar na tionchair a bheidh aige.<br>• Níos mó spásanna a chruthú do phailneoirí inár gcomharsanachtaí agus timpeall scoileanna. Tá na créatúir sin fíor-riachtanach chun an aeráid a chosaint.<br>• Oideachas faoin aeráid a chur ar fáil do gach duine (gach glúin), agus an chaoi a bhfuil gnéithe éagsúla nasctha le chéile san áireamh.<br>• Lipéadú a athrú ionas go mbeidh a fhios ag daoine cad a rinne a gcuid bia i ndáiríre, mar shampla Rinne beacha é sin.<br>• Iompar poiblí níos fearr a mhaoiniú ionas nach gá do dhaoine a gcarranna a úsáid.<br>• Tá nasc idir an t-athrú aeráide agus cogadh. Is gá é sin a aithint agus cinntí á ndéanamh. |
| **Ár gCearta** | **Airteagal 24 den Chairt:** Mar leanbh, tá sé de cheart agat a bheith sábháilte agus sona, agus a rá cad a cheapann a agus a mhothaíonn tú, agus ba cheart do dhaoine fásta éisteacht leat agus do chuid smaointe a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh acu a dhéanann difear duit. Ba cheart do dhaoine fásta, cibé acu tuismitheoirí, múinteoirí nó daoine eile iad a thugann aire duit, a ndícheall a dhéanamh i gcónaí an rud is fearr duitse a dhéanamh. Ba cheart do dhaoine fásta a chinntiú go mbeidh tú in ann am a chaitheamh go tráthrialta leis na daoine a bhfuil cion acu ort.<br><br>**Airteagal 37 den Chairt:** Ba cheart don Aontas aire mhaith a thabhairt don Domhan agus a chinntiú go mbeidh sé níos glaine agus níos sláintiúla. Is amhlaidh atá ionas gur féidir linne san Aontas roghanna maithe a dhéanamh anois a chuideoidh lenár bpláinéad a choinneáil sona agus sábháilte ar feadh i bhfad.<br><br>**Airteagal 24 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh:** Tá an ceart chun na sláinte is fearr is féidir ag gach leanbh. Ní mór do rialtais cúram ardcháilíochta sláinte, uisce glan, bia cothaitheach, agus comhshaol glan agus oideachas maidir le sláinte agus folláine a chur ar fáil ionas gur féidir le leanaí fanacht sláintiúil. Ní mór do thíortha saibhre cuidiú le tíortha níos boichte é sin a bhaint amach.<br><br>**Plean an Aontais um Chearta an Linbh:** Colúin 3 agus 6 |

## Tá súil againn go bhfuil daoine fásta réidh chun oibriú linn.

Tá muid ag iarraidh go dtuigeann daoine fásta na fadhbanna sin agus machnamh a dhéanamh orthu agus machnamh a dhéanamh orthu féin agus a n-ábhair imní.

Tá muid buíoch as an deis seo agus spreagtha mar gheall air chun ár smaointe a chomhroinnt.

Tá muid ag iarraidh a bheith bródúil as an méid a rinneamar ach tá muid ag iarraidh a bhrath freisin go n-éistear linn.

## Tá muid ag iarraidh go ndéanfaidh daoine fásta gníomhaíocht chun a chinntiú go n-urramaítear cearta gach linbh.

## FAIGH TUILLEADH EOLAIS FAOIN ARDÁN AGUS FAOINÁR GCUID OIBRE

#EUChildParticipation